Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8361/19**

**CULT 67**
**RELEX 365**
**EDUC 197**
**DEVGEN 78**
**PESC 16**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7749/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat le haghaidh gníomhaíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangail leis seo, na Conclúidí maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat le haghaidh gníomhaíochta, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ag an gcruinniú a bhí aici ar an 8 Aibreán 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat le haghaidh gníomhaíochta**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á FHORBAIRT:

1. Coinbhinsiún UNESCO 2005 maidir le héagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn [1];

2. conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2017 maidir le cur chuige straitéiseach AE i ndáil le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta[2];

3. an comhdhearcadh Eorpach nua maidir le forbairt: 'ár saol, ár ndínit, ár dtodhchaí' an 7 Meitheamh 2017[3];

4. conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2018 maidir leis an ngá atá leis an oidhreacht chultúrtha a thabhairt chun cinn sna beartais san Aontas[4];

5. conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2018 maidir leis an bplean oibre don chultúr, 2019-2022[5];

IS DÍOL SÁSAIMH DI

6. teachtaireacht chomhpháirteach 2016 ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí 'I dtreo straitéis de chuid an Aontais le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta';

---

1 https://en.unesco.org/creativity/convention
2 IO C 189, 15.6.2017, lch. 38.
3 IO C 210, 30.6.2017, lch. 1.
4 IO C 196, 8.6.2018, lch. 20.
5 IO C 460, 21.12.2018, lch. 12.

7. teachtaireacht 2018 ón gCoimisiún 'Clár Oibre Eorpach nua don Chultúr';

AG TABHAIRT DÁ hAIRE

1. tuarascáil mhí Iúil 2018 maidir le staid reatha na comhpháirtíochta idir braislí Institiúidí Náisiúnta an Aontais Eorpaigh don Chultúr (EUNIC) agus toscaireachtaí an Aontais agus moltaí na tuarascála sin[6];

2. seoladh an tionscadail '*European Houses of Culture*' [Tithe Cultúrtha Eorpacha], lena ndírítear ar shamhlacha nuálacha comhair a thástáil agus a chur chun feidhme idir gníomhaithe Eorpacha agus geallsealbhóirí áitiúla i dtíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad[7];

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI

1. go bhfuil comhbheartas eachtrach an Aontais Eorpaigh bunaithe ar an dlúthpháirtíocht pholaitiúil fhrithpháirteach a fhorbairt idir na Ballstáit, ar cheisteanna leasa ghinearálta a shainaithint agus ar chéim chóineasaithe, a bheidh ag síormhéadú idir ghníomhaíochtaí na mBallstát, a ghnóthú;

2. go mbunaítear gníomhaíocht an Aontais i réimse an chultúir ar inniúlacht an Aontais gníomhaíochtaí a dhéanamh chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát nó chun iad a chomhordú nó a fhorlíonadh;

3. gur cuid lárnach de luachanna an Aontais Eorpaigh iad an éagsúlacht chultúrtha agus an t-idirphlé idirchultúrtha agus go bhfuil ról lárnach acu ó thaobh an mhéid seo a leanas a chur chun cinn: cearta an duine, saoirse ealaíona, urraim do dhaoine eile agus caoinfhulaingt ar dhaoine eile, comhthuiscint, cosc ar choinbhleachtaí, athmhuintearas agus frith-antoisceachas, agus ó thaobh rannchuidiú leis an daonlathú, dea-rialachas agus sochaithe níos síochánta;

4. thar aon ní eile, go bhfuil luach ag gabháil leis an gcultúr féin, a bhfuil éifeachtaí socheacnamaíocha dearfacha ag gabháil leis, go gcuirtear feabhas ar mhianach saoil leis agus go bhfuil níos mó aitheantais á thabhairt don ról dearfach atá aige sa chaidreamh seachtrach;

[6] https://www.eunicglobal.eu/news/report-on-the-current-state-of-the-partnership-between-eunic-clusters-and-eu-delegations
[7] https://www.eunicglobal.eu/european-houses-of-culture

LENA nDÍRÍTEAR AR AN MÉID A LEANAS

1. éifeachtacht agus tionchar bheartas eachtrach an Aontais a neartú trí chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta a chomhtháthú i réimse a ionstraimí beartas eachtrach, go háirithe san fhadtéarma;

2. comhleanúnachas seasaimh agus gníomhaíochtaí an Aontais a fheabhsú ar an leibhéal iltaobhach chun éifeachtacht an Aontais a mhéadú mar fhórsa comhtháite i gcaidrimh idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí bhacainní a bhaint ionas gur féidir leis na geallsealbhóirí ábhartha uile oibriú ar bhealach éifeachtach;

3. foghlaim fhrithpháirteach, tuiscint thraschultúrtha agus muinín a chothú idir an tAontas agus a chomhpháirtithe sa chaidreamh seachtrach, agus earnálacha cultúrtha áitiúla a chumhachtú chun borradh a chur faoin bhforbairt chuimsitheach inbhuanaithe, faoin dul chun cinn sóisialta agus cultúrtha, agus chun an éagsúlacht chultúrtha, an nuálaíocht agus an athléimneacht eacnamaíoch a chothú;

4. gnéithe seachtracha na mbeartas, na gclár agus na dtionscadal cultúrtha a atreisiú ar bhonn frithpháirteach mar aon leis an ngné chultúrtha agus chruthaitheach de chaidreamh idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát tríd an gcomhar trasearnála a neartú idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit agus laistigh díobh;

5. sineirgí agus comhlántacht a lorg idir na gníomhaíochtaí a dhéanann an tAontas gona Bhallstáit i dtríú tíortha, lena n-áirítear a n-ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalachta agus líonra EUNIC;

AGUS AN AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AIR

1. réimsí inniúlachtaí faoi leith na mBallstát, an Choimisiún agus SEGS, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhlántachta;

AGUS URRAIM Á TABHAIRT

1. don éagsúlacht chultúrtha, don tsaoirse ealaíona agus do neamhspleáchas na hearnála cultúrtha;

AGUS AITHEANTAS Á THABHAIRT DON GHÁ ATÁ LEIS AN MÉID A LEANAS

1. cur chuige trasearnála maidir leis an gcultúr lena n-áirítear na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, na healaíona, an eolaíocht, an t-oideachas, an turasóireacht agus an oidhreacht chultúrtha, etc.;

2. leanúint leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála aindleathaí ar earraí cultúrtha;

3. cuimsitheacht: ba cheart rannpháirtíocht na mBallstát i dtríú tíortha a mholadh agus a éascú, lena n-áirítear i dtríú tíortha nach bhfuil aon ionadaíochtaí taidhleoireachta ná consalachta acu;

4. meon nua idirphlé, tuisceana agus foghlama frithpháirtí, lena mbaineann comhar le geallsealbhóirí áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta ar gach leibhéal (pleanáil, ceapadh, cur chun feidhme), ar bhonn cothrom, lena ndírítear ar chur chuige ón mbun aníos agus daoine le daoine, ar chumhachtú áitiúil, ar rannpháirtíocht agus ar chomhchruthú;

5. cur chuige díláraithe, lena gceanglaítear beartais agus tionscadail a oiriúnaítear don chomhthéacs áitiúil, do riachtanais agus do mhianta;

6. míniú agus ardú feasachta, lena n-áirítear faoi na róil faoi seach agus faoi ionchais fhrithpháirteacha institiúidí an Aontais agus na mBallstát, chomh maith lena n-ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalachta, institiúidí agus líonraí cultúrtha amhail EUNIC, mar aon le geallsealbhóirí eile;

7. solúbthacht agus uirlisí maoiniúcháin agus riaracháin á gceapadh, chun tacú le tionscadail bheaga agus mheánmhéide freisin agus chun acmhainneachtaí áitiúla a mheaitseáil;

MAR SIN DE, BUNAÍONN SÍ AN CREAT LE hAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTA SEO A LEANAS TRÍ

IARRAIDH AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. feabhas a chur, i gcás inarb iomchuí, ar an gcomhar idir na haireachtaí ábhartha, go háirithe aireachtaí cultúrtha agus gnóthaí eachtracha;

2. i gcás inarb ábhartha, na líonraí atá ann cheana a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh eolais agus forbairt inniúlachtaí agus malartú a mholadh idir an lucht léinn agus cleachtóirí i réimse an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta;

3. leas a bhaint, agus seilbh acu ar Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, as na cruinnithe neamhfhoirmiúla idir oifigigh shinsearacha san haireachtaí cultúir agus as oifigigh shinsearacha don chultúr in aireachtaí gnóthaí eachtracha chun anailís a dhéanamh ar an gcur chuige straitéiseach seo agus chun cabhrú le cur chun feidhme an chur chuige straitéisigh seo, agus as cruinnithe na Comhairle agus a comhlachtaí ábhartha ullmhúcháin geografacha agus téamacha, arb iad an t-údarás príomha i gcónaí do threoir pholaitiúil, múnlú cinntí agus cinnteoireacht;

4. a bheith níos rannpháirtí ó thaobh ullmhúcháin, cur chun feidhme, faireacháin agus mheastóireacht na straitéisí agus na dtionscadail choitianta, áitiúla, chultúrtha i dtríú tíortha. d'fhéadfadh cabhrú leis an gcuspóir sin a bhaint amach trí EUNIC agus tríd an gcomhar idir ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalachta;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. prionsabail agus cuspóirí an chur chuige straitéisigh seo a leabú agus comhar a neartú le comhlachtaí ábhartha de chuid na Comhairle agus leis na creataí téamacha geografacha, idir creataí atá ann cheana agus creataí a bheidh ann sa todhchaí, a cheapadh agus a chur chun feidhme, mar shampla i gcomhthéacs an mhéadaithe, na forbartha agus i gcomhthéacs tíortha atá páirteach i mBeartas Comharsanachta na hEorpa nó comhpháirtithe straitéiseacha;

2. an saineolas iomchuí a áirithiú i réimse an chaidrimh chultúrtha;

3. 'pointí fócais cultúrtha' a ainmniú agus acmhainneachtaí leordhóthanacha don chultúr a áirithiú i dtoscaireachtaí an Aontais;

4. pointe teagmhála gréasáin amháin a bhunú ag a mbeidh rochtain ar fhaisnéis maidir le beartais, cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais, arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus SEGS maidir le caidrimh chultúrtha idirnáisiúnta;

5. gné an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta a áireamh, i gcás inarb iomchuí, sa tuairisciú rialta a dhéantar ar ghníomhaíochtaí agus ar chláir a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Straitéise Domhanda;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AGUS AN AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS NA COMHLÁNTACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. comhordú, sineirgí agus treoir straitéiseach a neartú maidir leis an mbealach is fearr leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a chur chun cinn, go háirithe trí rannpháirtíocht rialta na Comhairle agus a comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha agus a sainghrúpaí tiomnaithe;

2. an ról a imríonn cultúr i mbeartais agus i gcláir faoi chuimsiú an chaidrimh sheachtraigh a neartú tuilleadh, lena n-áirítear faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES);

3. comhar a chur chun cinn sa mhéid a bhaineann le cuspóirí an chur chuige straitéisigh seo le tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe UNESCO agus Comhairle na hEorpa;

4. iarracht níos mó a dhéanamh chun teacht ar chomhsheasaimh Aontais i bhfóraim agus i líonraí iltaobhacha agus, i gcás inarb iomchuí, labhairt d'aon ghuth faoi shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta;

5. tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an ról a imríonn cultúr mar chumasóir cothrománach i gcás na spriocanna forbartha inbhuanaithe;

6. soghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha idir tíortha de chuid an Aontais agus tríú tíortha a éascú, trí chreataí iomchuí institiúideacha agus dlíthiúla, agus trí bhearta tacaíochta;

7. comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta a chuireann an ról a imríonn cultúr agus an oidhreacht chultúrtha chun cinn chun go mbeidh síocháin i limistéir ina bhfuil coinbhleachtaí nó i limistéir ina raibh coinbhleachtaí;

8. iarracht faoi leith a dhéanamh na comhthionscadail agus na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme i dtríú tíortha bunaithe ar chomhfhís straitéiseach arna forbairt ar an leibhéal áitiúil ag na Ballstáit, a n-institiúidí cultúrtha, EUNIC, toscaireachtaí an Aontais agus geallsealbhóirí áitiúla; ba cheart creataí agus ionstraimí leordhóthanacha a fhorbairt chun na críche sin;

9. leas níos fearr a bhaint as na fóraim, na sásraí, na líonraí agus na bunachair sonraí atá ann cheana ar mhaithe le roinnt faisnéise agus dea-chleachtais a mhalartú, lena n-áirítear an tArdán Taidhleoireachta i dtaca leis an gCultúr.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Na príomhthagairtí polaitiúla**

– Coinbhinsiún na Háige 1954 um Maoin Chultúrtha a Chosaint i gCás Coinbhleachta Armtha;

– Coinbhinsiún UNESCO 1970 maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta Maoine Cultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc;

– Coinbhinsiún UNESCO 1972 maidir leis an oidhreacht dhomhanda, chultúrtha agus nádúrtha a chosaint;

– Coinbhinsiún UNESCO 2003 maidir le caomhnú na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe;

– Coinbhinsiún UNESCO 2005 maidir le héagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn;

– Clár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe 2015;

– Coinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa maidir le cultúr, oidhreacht ailtireachta, oidhreacht sheandálaíochta, luach na hoidhreachta cultúrtha don tsochaí agus don tírdhreach;

– Conclúidí ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir leis an éagsúlacht chultúrtha agus an t-idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn i gcaidreamh seachtrach an Aontais agus na mBallstát;

– Conclúidí ón gComhairle an 24 Samhain 2015 maidir leis an gcultúr i gcaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh agus béim ar an gcultúr sa chomhar don fhorbairt;

– Conclúidí ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2016 i ndáil le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála